ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN05

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Tógann na daltaí gléasanna aimsire le hacmhainní nádúrtha na gréine, na gaoithe agus uisce ar thalamh na scoile a imscrúdú.

Cuspóirí
Tuiscint a fháil ar an ngrian, ar an ngaoth agus ar an mbáisteach mar acmhainní agus a fhoghlaim conas na hacmhainní sin a bhreathnú agus a thomhas.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE Tíreolaíocht Imshaoil nádúrtha; Aimsir, aeráid agus atmaisféar

OSIE Eolaíocht Fuinneamh agus fórsaí; Teas

OSIE Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag dearadh agus ag déanamh, ag aithint

Am
45-50 nóiméad lena dhéanamh; 20 nóiméad socrú suas

Nascadh le Scoileanna Glasa
Feasacht maidir le fuinneamh agus foirmeacha athnuachana fuinnimh.

Conas atá an aimsir?

→ TÓG DO STÁISIÚN AIMSIRE FÉIN

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Cochall gaoithe: mála bruscair dubh, crochadán cótaí déanta as sreang, téip duchta, cois scuaibe, siosúir, ruóg láidir
- Méadar báistí: cúpla buidéal plaisteach aon lítear, rialóir, maircéir dubh buan, cúpla tonnadóir plaisteach móra
- Téitheoir uisce gréine: dhá sheanbhabhla arbhair, péint dhubh, bosca arbhair, scragall alúmanaim, scannán cumhdaithe/filleadh plaisteach (m.sh. clingfilm), teirmiméadar



CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Mínigh don rang go bhfuil tú ag dul ag tógáil stáisiún aimsire le monatóireacht a dhéanamh ar an méid gaoithe, gréine agus báistí atá ar thalamh na scoile.
2. In Éirinn faighimid an chuid is mó dár gcuid leictreachais ó bhreoslaí iontaise (gual, ola, gás agus móin). Lasaimid na breoslaí iontaise sin i stáisiúin chumhachta le leictreachas a tháirgeadh, ach leis sin táirgítear astuithe de gháis atá in ann dochar a dhéanamh. Gás amháin tábhachtach a dhéantar a astú is ea dé-ocsaíd charbóin, ceann de na gáis is cúis le hathrú aeráide (éifeacht iarmhairt cheaptha teasa).

ar leanúint →

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN05

ar leanúint →

3 Faighimid leictreachas chomh maith ó acmhainní nádúrtha mar ghaoth, uisce agus grian.

4 Is féidir linn tuirbíní gaoithe a thógáil le fuinneamh na gaoithe a rialú agus é a athrú isteach ina leictreachas; painéil ghréine, le teas na gréine a smachtú agus uisce te agus leictreachas a thabhairt dúinn; agus dambaí hidrileictreacha, le cumhacht an uisce reatha a smachtú chun leictreachas a thabhairt dúinn (le haghaidh breis eolais téigh chuig www.sei.ie).

5 Déanfaidh an rang imscrúdú ar na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil ar thalamh na scoile trí stáisiún cumhachta, a dhéanfaidh monatóireacht ar threoir agus ar neart na gaoithe, ar an méid báistí agus ar theas na gréine.

6 Roinn an rang i dtrí ghrúpa. Beidh gach grúpa i gceannas ar cheann de na stáisiúin mhonatóireachta a thógáil.

Cochall Gaoithe

1 Le peann, marcáil amach cruth triantánach ar an mála bruscair. Ba chóir go mbeadh bonn an triantáin thart ar 25cm ar leithead agus thart ar 50cm ar airde.

2 Gearr amach an cruth tríd dhá thaobh an mhála bruscair.

3 Bain úsáid as téip duchta le dhá thaobh an mhála bruscair a ghreamú le chéile le cruth cóin a dhéanamh.

4 Bain an crochadán cótaí óna chéile agus lúb é agus déan cruth ciorcalach as.

5 Lúb coirneál an mhála bruscair timpeall na sreinge, agus coinnigh teann é leis an téip duchta.

6 Ag ceithre phointe ar chomhfhad, cuir ruóg air, 25cm ar fhaid.

7 Tabhair na ceithre phíosa ruóige le chéile agus cuir snaidhm orthu. Cuir é sin i bhfostú ar bharr chos na scuaibe.

8 Daingnigh an gléas in áit ghaofar i gclós na scoile agus ag baint leasa as compás, coinnigh súil ar cad é treo na gaoithe tríd an treo a bhfuil an cochall gaoithe dírithe ag amanna áirithe a thaifeadadh (m.sh. gach uair an chloig i rith an lae, nó ag meán lae gach lá).

9 Déantar taifeadadh ar threo na gaoithe mar threo an chompáis a bhfuil an ghaoth ag séideadh as, mar sin má bhíonn an cochall gaoithe iompaithe i dtreo an iardheiscirt, taifeadtar go bhfuil an ghaoth ag teacht ón oirthuaisceart.



ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN05

ar leanúint →



Méadar Báistí

1 Bain an barr de bhuidéil phlaisteacha 1 lítear agus bain leas as rialóir le tomhais 10cm idir a chéile a mharcáil ar an mbuidéal. Cuir uimhreacha ar na buidéil.

2 Cuir tonnadóir i ngach buidéal agus leag na buidéil in áiteanna éagsúla timpeall chlós na scoile – faoi chrainn, i ngarraithe agus ar leaca fuinneoige. Déan cinnte go mbeidh na buidéil daingnithe agus déan taifead ar gach áit a bhfuil buidéal le huimhir air.

3 Fág na tonnadóirí ar feadh 1-2 seachtaine.

4 Bailigh na méadair bháistí ar fad – d'fhéadfadh daltaí difriúla a bheith i gceannas ar mhéadair dhifriúla.

5 Léigh ón mbuidéal an méid uisce báistí i mm a bheidh bailithe, agus taifead áit na báistí agus an méid uisce ar chairt

Téitheoir Gréine

1 Cuir péint dhubh ar dhá bhabhla agus fág ag triomú iad.

2 Séalaigh clúdach agus tóin bosca calóga arbhair

3 Gearr trí thaobh an bhosca le clúdach liopa a dhéanamh

4 Clúdaigh an bosca taobh istigh le scragall alúmanaim

5 Cuir braon beag uisce i ngach babhla

6 Cuir babhla amháin taobh amuigh ar leac fuinneoige ar aghaidh na gréine agus cláraigh an teocht

7 Leag an babhla eile sa bhosca leis an scragall alúmanaim agus leag le taobh an chéad bhabhla é. Cuir ar leathstuaic an clúdach ionas go dtarraingeoidh sé an oiread gréine agus is féidir ar an uisce sa bhabhla.

8 Tóg teocht an uisce agus fill air tar éis dó a bheith cúpla uair sa ghrian

9 Súnn dath dubh teas na gréine (déan iarracht babhla bán a úsáid go bhfeicfidh tú an difríocht!)

10 Frithchaitheann an téitheoir a rinne tú féin breis teasa ar an mbabhla dubh a bheidh istigh ann, ag feabhsú an ráta teasa.



ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN05

ar leanúint →

Ar aghaidh leat

Díolann formhór siopaí bréagán mór trealamh stáisiún aimsire atá sách saor agus a d'fhéadfaí a úsáid in áit do chinn féin a dhéanamh, ach is maith le go leor daltaí an trealamh a dhéanamh iad féin, agus cuireann sé lena n-éispéaras foghlama sin a dhéanamh.

Féadfar breis eolais ar fhuinneamh inathnuaite in Éirinn a fháil ag www.sei.ie, agus tá acmhainní oideachais freisin anseo le haghaidh bunscoileanna.